Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an chreidimh.
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.

Iarchomaoineach

A Thiarna, cuir bláth ar an ngrá a roinntear orainn sa tsacraimint seo. Go dté an ceiliúradh diamhrach seo i bhfeidhm go tréan ar ár saol as seo amach. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha. **Buíochas le Dia.**
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair

Tacaíocht Airgeadais an Pharóiste



Beidh na clúdaigh nua do 2025 á ordú anois. Arís, impím ar dhaoine na clúdaigh seo a úsáid mar go gcabhraíonn siad le ioncam an pharóiste a choinneáil leibhéal ó sheachtain go seachtain. Cabhraíonn siad go speisialta i gcás daoine a íocann cáin, mar go mbíonn an paróiste in ann an cáin a fháil ar ais. Má tá daoine nua atá sásta bosca a thógáil, bhéinn an-bhuíoch ach an fhoirm a líonadh (tá na foirmeacha ar fáil ag na doirse) agus san Oifig nó ríomhphoist a sheoladh chuig cilleinde@outlook.ie.

Aifrinn na Marbh

Clúdaigh ag na doirse. Is féidir iad a fhágáil isteach an deireadh seachtaine seo chugainn nó am ar bith.

Paidir don Sionad le linn
Mí Deireadh Fómhair

A Athair ghrámhar,
Tiarna na n-aoiseanna agus Dia na n-uile.
Trí do Mhac Íosa Críost,
ghlaoigh tú muid de réir ainm.
Chruinnigh tú le chéile muid isteach i dteaghlach na hEaglaise.

Bronn orainn do Spiorad Naomh.
Spreag an Pápa Proinsias
agus iad siúd go léir atá le chéile sa Róimh ag an tráth seo.
Oscail a gcroí le do ghór a chloisteáil.
Cabhraigh leo a aithint cén chaoi is fearr freagra a thabhairt dod ghlaoch.

Cothaigh ionainn croí nua agus spiorad nua |Neartaigh ár gcreideamh.
Athnuaigh d'Eaglais
Spreag muid le domhan lán de ghrá a shaothrú, ina rialaíonn an ceart agus an cóir, agus ina bhfuil an tsíocháin i réim.

Le Muire Máthair taobh linn, iarraimid ort. Amen

FÓGRA

Tá Scoil Éinne ag glacadh le h-iarratais chlárúcháin don scoil bhliain 2025-2026.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag https:/scoileinne.nead.ie/faoi "Polasaithe Scoile".

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste
i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Fáilte roimh chuile dhuine.

FÓGRA
Beidh Aifreann i gCill Treasa Satharn 26/10/2024 ag 8.00 i.n. in áit 7.30

Paróiste An Spidéil
An Tríochú Domhnach
26ú/27ú Deireadh Fómhair 2024

An tAth. Daniel Gallagher
www.cilleinde.ie
Uaireanta Oifige: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in Oifig: 083 8126745 *Rí-omhphost:* cilleinde@outlook.ie

			Aifrinn & Intinní na Seachtaine
		✠	**CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL**
Dé Domhnaigh	27ú	11:00r.n.	Tony Costello **Cinn Míosa** *Inis Oirr* Pat Phádraic Tom Ó Conghaile & a bhean Máire *Leitir Peic* Mairtín Ó Curraoin, a bhean Máire & a mhuintir *Baile Éamonn* Peadar Ó Cualáin & a bhean Cáit
Dé hAoine	1ú	10.00 r.n.	***Lá na Naomh Uile***
Dé Domhnaigh	3ú	11.00r.n.	Eileen Canavan **Cinn Míosa** *Baile an Dónalláin*
Dé Luan	4ú	1.00 i.n.	Aifreann Sochraid Mary Theresa Mullin (nee Keaveney) *Sasana*
		✠	**CILL TREASA, ROS A' MAIL**
Dé Sathairn	**26ú**	**8.00i.n**	Barry Ó Fátharta (Barry Hantraí) **Cinn Míosa** *Ros a'Mhíl* Seán Leainde **Céad Cuimhneacháin** *Ros a'Mhíl* Paddy & Áine Ó hEidhin *Leitir Caladh* Deirdre Pheaitín Terri & Seanín Pheaitín Mhairtín Johnny & Mary Costello & a mhac Henry *Gleanach Murrin*
Dé Sathairn	2ú		Sally & Seanín Ó Fátharta *Inis Meáin* Coilín Mc Donagh *Barr Ruisín*
		✠	**CILL MHUIRE, NA MINNA**
Dé Domhnaigh	27ú	9.30r.n.	*Missa Pro Populo*
Dé Domhnaigh	3ú	9.30r.n.	

Móraimidne Rí na nDúl

Móraimidne Rí na nDúl,
Aon Mhac Mhuire, Dia na Slua,
Moladh Dó is ard onóir,
Rí na nAingeal, Rí na gCumhacht.
Glóraimid le mórtas ard,
Dia na Beatha, Dia na nGrás,
Cruthaitheoir an domhain go léir,
Rí na Ríthe , Rí na dTréan.

Beannaigh muid, a Shlánaitheoir;
Líon ár gcroí led' ghrá go deo.
Féach orainne clann bhocht Ádhaimh,
Glan ár smaoineamh, glan ár lámh.
Ardóimid arís ár nglór,
Glóire agus ard-onóir;
D' Aon Mhac Mhuire Dia na Slua,
Rí na nAingeal, Rí na nDúl.

Loinneog don Iontróid

Bíodh áthas croí ar an muintir a lorgaíonn an Tíarna. Lorgaígí an Tiarna agus a chumhacht, agus ná téadh aon stad oraibh ach ag iarraidh radhairc ar a ghnúis.

Gníomh Aithrí

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
tri mo choir féin, trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí

A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, tabhair dúinn breis creidimh, dóchais agus grá. Go ndéanaimid rud ort le fonn agus go dtuillimid a bhfuil geallta agat. Sin é á nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Iarimiá fáidh - 31:7-9

Seo mar a deir an Tiarna:
Scairtigí le lúcháir ar son Iácób!
Tógaigí gártha do cheann na náisiún!
Fógraígí! Molaigí! Abraigí:
'Shábháil an Tiarna a phobal,
fuíoll Isréal!'
Féach, bhéarfaidh mé ar ais iad
as an tír thuaidh
agus cruinneoidh mé iad ó na críocha in imigéin,
iad go huile: an dall agus an bacach,
an bhean torrach agus an bhean i dtinneas clainne
tiocfaidh siad ina gcuideachta mhór ag filleadh.
Is ag gol a d'imigh siad;
bhéarfaidh mise sólás dóibh agus mé á dtreorú ar ais;
déanfaidh mé eolas an bhóthair dóibh go sruthán uisce,
slí dhíreach in áit nach bhfaighidh siad tuisle.
Óir táim i m'athair ag Isráél,
agus is é Efraim mo chéadghin mic.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 125

Fr: Rinne an Tiarna éachtaí dúinn:
táimid go lúcháireach.

1. Nuair a thug an Tiarna príosúnaigh Shíon abhaile
ba chosúil sinn le daoine ag brionglóidigh.
Ansin líonadh ár mbéal le gáire,
agus ár dteanga le gáirdeas. *(Fr)*

2. Ansin bhíothas á rá i measc na gciníocha:
'Rinne an Tiarna éachtaí.'
Rinne an Tiarna éachtaí dúinn:
táimid go lúcháireach. *(Fr)*

3. Cuir sonas orainn arís, a Thiarna,
ar nós na sruthanna san fhásach ó dheas.
An mhuintir a chuireann síol le deora,
bainfidh siad an fómhar le gairdeas. *(Fr)*

4. Ag imeacht dóibh imíonn siad ag sileadh na ndeor,
agus iad ag iompar síl chun a scaipthe;
ag teacht dóibh tiocfaidh siad le gairdeas,
agus a bpunanna á n-iompar acu. *(Fr)*

An Dara Léacht

Sliocht as an litir chuig na hEabhraigh - 5:1-6

Gach ardsagart a thógtar as na daoine, ceaptar é chun seirbhís a dhéanamh do Dhia thar ceann na ndaoine. Ofrálann sé tabhartais agus íobairtí in éiric peacaí. Is féidir dó trua a ghlacadh do dhaoine atá aineolach agus atá ag dul ar fán, de bhrí go bhfuil sé féin lag. Dá dheasca sin freisin ní foláir dó íobairtí a ofráil in éiric peacaí, ní amháin thar ceann an phobail ach ar a shon féin chomh maith. Agus ní ghabhann aon duine an gradam seo chuige féin mura bhfaigheann sé gairm ó Dhia mar a fuair Árón. Mar an gcéanna níor thug Críost gradam árdsagart dó féin, ach fuair sé é ón té a dúirt leis: Is tú mo mhac; ghin mé thú inniu. Agus in áit eile fós deir sé leis: Is sagart síoraí thú ar nós Mhelcisedec.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
Labhair, a Thiarna, tá do sheirbhíseach ag éisteacht :
is agatsa atá briathra na beatha síoraí.
Alleluia!

Soiscéal *Marcas 10:46-52*

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas.
Glóir duit, a Thiarna.
Thánagadar go Ierichó; agus ag dul amach as Ierichó d'Íosa in éineacht lena dheisceabail agus slua mór, bhí dall, fear déirce, Bartiméas mac Timéas, ina shuí le hais an bhóthair. Nuair a chuala sé gurbh é Íosa an Nazaréanach a bhí ann, thosaigh sé ar screadadh agus ar a rá: 'A Mhic Dháiví, a Íosa, déan trócaire orm!' Agus bhagair a lán daoine air a bheith ina thost, ach is ea ba mhó a scread sé: 'A Mhic Dháiví, déan trócaire.' Stad Íosa agus dúirt: 'Glaoigí anseo air.' Agus ghlaodar ar an dall á rá leis: 'Bíodh misneach agat! Éirigh! Tá sé ag glaoch ort!'Chaith sé siúd de a bhrat, d'éirigh de phreab, agus tháinig chun Íosa. Ansin labhair Íosa leis: 'Cad ab áil leat mé a dhéanamh duit?' ar sé. Dúirt seisean leis: 'Rabúní, mo radharc a bheith agam!' Dúirt Íosa leis: 'Imigh leat! Shlánaigh do chreideamh thú.' Tháinig a radharc dó láithreach agus lean sé é sa tslí.
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

An Chré

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an t-arán seo a ofrálaimid duit:
an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an fíon seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha

Bíodh fáilte agat roimh na tabhartais seo a ofrálaimid duit, a Rí na bhfeart. Go dtuga an t-ómós seo dár gcuid an ghlóir is dual duit. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH

Go raibh anTiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
Is ceart agus is cóir sin.